Poetry – Mo Ghra-sa

Irish Past Exam Questions

Higher Level

2013

Paper Two - Section 1 - Question 3A

3A. Filíocht Ainmnithe

(i) "Tugann an file cur síos éifeachtach greannmhar dúinn ar an bhfear sa dán *Mo ghrá-sa (idir lúibíní)* (thíos)." É sin a phlé. (15 mharc)

(ii) Cén éifeacht a bhaineann le húsáid lúibíní sa dán seo? (Is leor pointe **amháin** eolais.) (6 mharc)

(iii) Cé a chum an dán seo? Scríobh nóta gairid ar shaol agus ar shaothar an fhile. (9 marc)

Mo ghrá-sa (idir lúibíní)

Níl mo ghrá-sa
mar bhláth na n-airní
a bhíonn i ngairdín
(nó ar chrann ar bith)

is má tá aon ghaol aige
le nóiníní
is as a chluasa a fhásfaidh siad
(nuair a bheidh sé ocht dtroigh síos)

ní haon ghlaise cheolmhar
iad a shúile
(táid róchóngarach dá chéile
ar an gcéad dul síos)

is más slim é síoda
tá ribí a ghruaige
(mar bhean dhubh Shakespeare)
ina WIRE deilgní.

Ach is cuma san.
Tugann sé dom
úlla
(is nuair a bhíonn sé i ndea-ghiúmar
caora finiúna).